# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **níos daoire**?
   (a) Níos compordaí
   (b) Níos costasaí
   (c) Níos samhnasaí
2. Tá an focal **dochreidte** sa téacs faoi na ceamaraí. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **caite**?
   (a) Úrnua
   (b) Cróga
   (c) Néata
4. Is ball troscáin é tolg. Ainmnigh 3 bhall troscáin eile.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. An maith leat féin a bheith ag siopadóireacht i siopa mór den chineál seo?
5. Cad é an buntáiste atá le loingseoireacht satailíte, do bharúil?



cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

12 Siopa Lorcáin

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana




# Siopa Lorcáin

# Siopa Lorcáin

# Siopa Lorcáin

An siopa is fearr, an siopa is saoire!
Tá gach siopa eile i bhfad níos daoire!

Oscailte gach lá sa tseachtain ó 9.00 a.m. go 6.00 p.m.
(ach amháin ar an Domhnach)

### Tolglann!

Caith amach an seantolg **caite** sin! Ní chaithfidh tú a bheith míchompordach níos mó agus tú i do shuí. Tar chugainn agus suigh síos ar cheann de na toilg nua chompordacha leathair atá againn.

**Tá lacáiste £100 ar gach tolg an deireadh seachtaine seo!**

### Bláthanna!

An bhfuil tú i ngrá?

Ar mhaith leat fanacht i ngrá?

Ná déan dearmad ar Lá Fhéile Vailintín an tseachtain seo chugainn!

Ceannaigh na rósanna is deise in Éirinn anseo!

**£10 ar 12 rós!**

### Caifé Lorcáin

MARBH AG AN TAE,

MARBH GAN É!

An mbíonn tú scriosta ag siopadóireacht? Má bhíonn, buail isteach, tóg go bog é agus bíodh cupán tae agus bonnóg agat! Bíonn an caife is úire againn fosta.

Bricfeasta ar fáil go dtí 11.30 a.m. gach lá.

**Bricfeasta Beag £3.99!**

**Bricfeasta Mór £5.99!**

Cupán tae nó caife saor in aisce le gach bricfeasta!

**Na praghsanna is fearr!**

### Loingseoireacht Satailíte!

An mbíonn tú caillte go minic ar na bóithre agus tú ag tiomáint?

An dtéann tú ar na bóithre contráilte i gcónaí?

Ní bheidh tú caillte níos mó má cheannaíonn tú an loingseoireacht satailíte is úire inniu!

**£159!**

### Ceamaraí!

An mbíonn náire ort grianghraf a ghlacadh le do sheancheamara? Glac grianghraf ceart proifisiúnta agus cuir in airde sa tseomra suí é.

Tá muid i ndiaidh 50 ceamara digiteach a thabhairt isteach ón Ghearmáin ar phraghas **dochreidte**! Níl siad seo ar fáil áit ar bith eile sa tír.

**£99!**

Má cheannaíonn tú rud éigin agus mura maith leat é agus tú ar ais sa bhaile, ná bí buartha!

Tabhair ar ais chuig an tsiopa é taobh istigh de choicís agus **gheobhaidh** tú do chuid airgid uilig ar ais.

# Ceisteanna

**1. Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Bíonn Siopa Lorcáin oscailte gach lá sa tseachtain
(b) Bíonn Siopa Lorcáin oscailte 6 lá sa tseachtain
(c) Bíonn Siopa Lorcáin oscailte ag deireadh na seachtaine amháin

**2. Cad é a deir Lorcán faoina shiopa féin?**
(a) Tá sé níos mó agus níos daoire ná siopa ar bith eile
(b) Tá sé ar an tsiopa is fearr agus is saoire
(c) Tá níos mó le ceannach ann ná i siopa ar bith eile

**3. Cad é a thig leat a dhéanamh i siopa Lorcáin má bhíonn tú tuirseach agus tú ag siopadóireacht?**
(a) Dul abhaile
(b) Tamall a chaitheamh sa chaifé
(c) Suí síos ar tholg

**4. Cén ócáid atá ag teacht aníos?**
(a) Lá Fhéile Bríde
(b) Lá Fhéile Vailintín
(c) An Nollaig

**5. Cad é atá suimiúil faoi na ceamaraí digiteacha?**
(a) Tá siad saor in aisce
(b) Tá siad níos saoire i siopaí eile
(c) Ní féidir na ceamaraí seo a cheannach i siopa ar bith eile

**6. Cén fáth ar chóir tolg a cheannach an deireadh seachtaine seo?**
(a) Beidh gach tolg £100 níos saoire
(b) Beidh gach tolg saor in aisce
(c) Gheobhaidh tú cupán tae saor in aisce

**7. Tá an briathar gheobhaidh:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir fháistineach.
(c) san aimsir láithreach.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Dialann
(b) Fógra
(c) Litir